CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/1984 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Samhain 2021

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus i bhfianaise na n-athruithe i Rialtas na Siria le déanaí, ba cheart ceathrar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le cúigear a liostaítear cheana in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"312.	Amr SALEM (عمرو سالم)	Dáta Breithe: Eanáir 1958; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	An tAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta	15.11.2021
313.	Boutros AL-HALLAQ (بطرس الحلاق)	Áit bhreithe: Damascus countryside, Syria; Inscne: fireann	An tAire faisnéise. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta..	15.11.2021
314.	Mohammad SEIFEDDINE (ar a dtugtar freisin Seif Eddin, Seif El Din) (محمد سيف الدين)	Inscne: fireann	An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	15.11.2021
315.	Diala BARAKAT (ديالا بركات)	Dáta Breithe: 1980; Inscne: baineann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cáil mar Aire Rialtais, tá freagracht uirthi as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	15.11.2021"

(2) i Roinn A ("Daoine"), in ionad na n-iontrálacha seo a leanas cuirtear an méid seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"167.	Dr. Jassem Mohammad ZAKARIA (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed, Jasem)	Dáta Breithe: 1968 Inscne: fireann;	IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2012
229.	Abdullah ABDULLAH (عبدالله عبدالله)	Dáta Breithe: 1956; Inscne: fireann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	14.11.2016

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
259.	Imad Abdullah SARA (عماد عبدالله صارة)	Dáta Breithe: 1968; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Faisnéise. I mí Eanáir 2018 a ceapadh. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	26.2.2018
296.	Talal AL-BARAZI (ar a dtugtar freisin Barazi) (طلال البرازي)	Dáta Breithe: 1963; Áit bhreithe: Hama city, Syria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
309.	Malloul (ar a dtugtar freisin Maloul) HUSSEIN (ar a dtugtar freisin AL-HUSSEIN) (ملول حسين)	Dáta Breithe: 1950; Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020”